



Ollscoil Mhá Nuad

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad



**MA
NUA-GHAEILGE**

Cén saghas cúrsa é?

Cúrsa é seo dóibh siúd ar spéis leo eolas leitheadach domhain a chur ar theanga agus ar shaíocht na Gaeilge ar mhaithe le forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta. Leagtar béim ar chruinneas agus ar shaibhreas teanga tríd síos ach tugtar deis do mhic léinn díriú ar na sainábhair is spéis leo féin. Chuige sin, tugtar rogha do mhic léinn tabhairt faoi cheann amháin de na trí shruth seo a leanas:

- **Cruinneas, Saibhreas agus Cumarsáid**
- **Litríocht agus Critic**
- **Na Taibhealaíona agus An Traidisiún Béil**

Má roghnaítear sruth na dtaibhealaíon, is féidir socrúchán oibre a dhéanamh le hOireachtas na Gaeilge agus bíonn rogha idir tráchtas agus togra taighde ealaíonta.

Is féidir an chéim Mháistreachta a dhéanamh go lánaimseartha (bliain amháin) nó go páirtaimseartha (dhá bhliain).



Struchtúr an chúrsa

Modúil lárnacha

NG606 Modheolaíocht 1

NG616 Modheolaíocht 2

NG628 An Ghaeilge Scríofa

NG629 Cruinneas agus Ceart na Gaeilge

NG637 Togra sa Taighde Ealaíonta

nó:

NG699 Tráchtas

Modúil roghnacha

NG609 Ceird an Aistriúcháin

NG622 Filíocht na Gaeilge agus Sochaí na hÉireann sa 19ú haois

NG623 Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideas Éireann

NG626 Eagrú agus Eagarthóireacht (modúl ar líne)

NG630 An Ghaeilge sna Meáin ó 2RN go dtí an Ré Dhigiteach

NG631 An Scríbhneoireacht Ghairmiúil

NG632 An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní

NG633 Litríocht agus Critic Chomhaimseartha na Gaeilge

NG634 Migration Histories of Traditional and Neo-Gaeltacht Communities

NG635 Féile Bheag (i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge)

NG636 Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge

Modúil eile

Le cead an Stiúrthóra, bíonn faill ag mic léinn modúl amháin a roghnú as cláir eile, mar shampla, modúil i Roinn na Meán Cumarsáide, i Roinn an Cheoil agus dá réir sin.



Riachtanais iontrála

De ghnáth, beidh céim sa Ghaeilge ag iarrthóirí agus 2.i nó a chomhionann bainte amach acu. Déanfar iarratais a mheas freisin ó iarrthóirí a bhfuil céim acu in ábhair eile ach ar féidir leo an cumas cuí sa Ghaeilge a léiriú. Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne ag <http://www.pac.ie/maynoothuniversity>

Scoláireachtaí

Tá scéim scoláireachtaí ag Roinn na Nua-Ghaeilge agus ag Oifig Léann na hIarchéime. Gheofar tuilleadh eolais ar shuíomh idirlín na hOllscoile.

Sonraí Teagmhála

Stiúrthóir: An tOll. Fionntán de Brún

Teil +353 (0)1 708 3666/3709

R-phost nua.ghaeilge@mu.ie

<http://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish>



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad